

Leidchárta i gcomhair Diaitéiteach

Sa ghníomhaíocht seo beidh tú ag lorg sonraí ó fhoinsí éagsúla chun cabhrú le do chliant maidir lena riachtanais chothaithe. Trí obair a dhéanamh i bpáirt, ba chóir go dtiocfadh libh tuairisc a scríobh a chabhraíonn le do chliant roghanna a dhéanamh maidir lena riachtanais chothúcháin.

Bia	Mais	Cileacalraí
Pasta	70g	263.8
Bagún	50g	229.7
Cúirséad	100g	16.5
Muisiriún	50g	14.3
Arbhar Milis	50g	49.3
Uachtar	30g	101
Cáis	5g	21
Iomlán		695.6



Gníomhaíocht 1: Ríomh riachtanais laethúla fuinnimh do chliant

- Oscail Leathanach 4 den leabhrán.
- Iarr a gcuid sonraí BRM (bunráta meitibileach) agus PAL (leibhéal gníomhaíocht choirp) ar do chliant.
- Ríomh a gcuid riachtanais laethúla fuinnimh tríd an bhfoirmle sa leabhrán a úsáid.

Gníomhaíocht 2: Ríomh sciar de riachtanais laethúla fuinnimh i gcomhair dhinnéar do chliant

- Inis do do chliant an sciar de Riachtanais Laethúla Fuinnimh a theastaíonn uathu óna ndinnéar.

	Max	Lúsaí	Peadar	Alan
Sciar de Riachtanais Laethúla Fuinnimh ón Dinnéar	$\frac{1}{3}$	$\frac{1}{4}$	$\frac{1}{5}$	$\frac{1}{5}$

- Ag úsáid an tábla ar leathanach 5, ríomh riachtanais laethúla fuinnimh an chliant dá ndinnéar.

Gníomhaíocht 3: Déan athruithe ar dhinnéar do chliant

- Ag obair le do chliant, athraigh a ndinnéar le hoiriúint dá riachtanais fuinnimh.

Gníomhaíocht 4: Déan moltaí

- Iarr ar do chliant aon eolas eile a thabhairt duit faoina dtosca ó oidhreacht, a roghanna bia nó a stíl mhaireachtála.
- I gcomhar leis an gcliant, líon amach aon athrú eile a mholtar maidir lena ndinnéar sa spás sa leabhrán ar leathanach 6.